AN COIMISIÚN EORPACH

# NEAMHLÁITHREACHTAÍ AGUS STÁDAS CÓNAITHE A CHAILLIÚINT FAOIN gCOMHAONTÚ UM THARRAINGT SIAR

Tugann an Comhaontú um Tharraingt Siar cosaint do na náisiúnaigh sin den Ríocht Aontaithe a raibh cónaí orthu sa Stát óstach an 31 Nollaig 2020 *(deireadh na hidirthréimhse)* i gcomhréir le dlí an Aontais agus a bhfuil fós ina gcónaí ann ina dhiaidh sin chomh maith le cuid dá mbaill teaghlaigh.

Tá sé tábhachtach leanúnachas cónaithe a choimeád chun an ceart cónaithe sa Stát óstach a choinneáil. Is féidir leanúnachas cónaithe a bhriseadh trí neamhláithreachtaí ón Stát óstach.

<u>An ceart cónaithe neamhbhuan a choinneáil</u>

D'fhéadfadh tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar a gceart cónaithe neamhbhuan sa Stát óstach a chailleadh má scoireann an cónaí de bheith leanúnach. Ní dhéanann na nithe seo a leanas difear do leanúnachas cónaithe:

a) <u>Neamhláithreachtaí sealadacha nach faide ná 6 mhí sa bhliain ar an iomlán</u>

Ní mór na neamhláithreachtaí sin a chomhaireamh in aghaidh na bliana cónaithe, ag tosú ar an dáta a ndeachthas chun cónaithe sa Stát óstach, agus, i gcás gach bliana ina dhiaidh sin, ag tosú ar chothrom an dáta sin.[1] Níor cheart neamhláithreachtaí i mblianta 'cothrom an dáta' éagsúla ón dáta a ndeachthas chun cónaithe sa Stát óstach a shuimiú. Ní gá go mbeadh neamhláithreachtaí as a chéile. Ní mór tréimhsí iomadúla de neamhláithreachtaí as a chéile a charnadh.

| |
|---|
| <u>Samplaí</u><br><br>Tháinig Marie go dtí an Stát óstach an 1 Márta 2020 chun dul ag obair ann. Deonaíodh stádas cónaithe nua di agus tá ceart cónaithe neamhbhuan aici faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. An 1 Meán Fómhair 2022, d'fhág sí chun roinnt ama a chaitheamh lena cara sa Bhrasaíl. D'fhill sí an 1 Lúnasa 2023. Cé go raibh sí as láthair ar feadh 11 mhí ag an ócáid, níor chaill sí a ceart cónaithe sa Stát óstach toisc nach raibh sí as láthair ar feadh níos mó ná 6 mhí in aon bhliain 'cothrom an dáta' ón dáta a ndeachaigh sí chun cónaithe sa Stát óstach.<br><br>○ An chéad bhliain chónaithe *(1 Márta 2020 – 28 Feabhra 2021)*: gan neamhláithreacht<br>○ An dara bliain chónaithe *(1 Márta 2021 – 28 Feabhra 2022)*: gan neamhláithreacht<br>○ An tríú bliain chónaithe *(1 Márta 2022 – 28 Feabhra 2023)*: 6 mhí<br>○ An ceathrú bliain chónaithe *(1 Márta 2023 – 29 Feabhra 2024)*: 5 mhí |
| Tháinig Gareth go dtí an Stát óstach an 1 Márta 2020 chun dul ag obair ann. Deonaíodh stádas cónaithe nua dó agus tá ceart cónaithe neamhbhuan aige faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. An 1 Iúil 2022, d'fhág sé chun roinnt ama a chaitheamh lena chara sa Bhrasaíl. D'fhill sé an 1 Meitheamh 2023. Bhris a neamhláithreacht 8 mí ón Stát óstach sa tríú 'bliain 'cothrom an dáta' dáta a ndeachaigh sé chun cónaithe sa Stát óstach leanúnachas a chónaithe. |

[1] Ríomhtar leanúnachas cónaithe ar bhealach éagsúil sa Ríocht Aontaithe lena seiceáiltear neamhláithreachtaí i dtréimhse rollach 12 mhí.

- An chéad bhliain chónaithe *(1 Márta 2020 – 28 Feabhra 2021)*: gan neamhláithreacht
- An dara bliain chónaithe *(1 Márta 2021 – 28 Feabhra 2022)*: gan neamhláithreacht
- An tríú bliain chónaithe *(1 Márta 2022.– 28 Feabhra 2023)*: 8 mí
- An ceathrú bliain chónaithe *(1 Márta 2023 – 29 Feabhra 2024)*: 3 mhí

b) neamhláithreachtaí d'fhad níos faide le haghaidh seirbhís mhíleata éigeantach; nó
c) neamhláithreacht amháin nach faide ná 12 mhí as a chéile ar chúiseanna tábhachtacha amhail toircheas agus breith clainne, tinneas tromchúiseach, staidéar nó gairmoiliúint, nó postú thar lear *(tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é liosta na gcúiseanna tábhachtacha)*.

An ceart buanchónaithe a choinneáil

Déantar foráil leis an gComhaontú um Tharraingt Siar nach féidir ceart buanchónaithe, nuair atá sé faighte, a chailleadh ach amháin trí neamhláithreacht ón Stát óstach ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana as a chéile.

Ós rud é gur féidir leanúnachas cónaithe a bhriseadh trí neamhláithreachtaí ón Stát óstach, is amhlaidh gur féidir neamhláithreacht ón Stát óstach a bhriseadh trí láithreacht sa Stát óstach.

Is leor aon láithreacht fhisiciúil i gcríoch an Stáit óstaigh ar feadh tréimhse 5 bliana as a chéile, fiú mura mhaireann an láithreacht sin ach cúpla lá, chun cailliúint an bhuanchónaithe a chosc, ach amháin má tá fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as cearta.

Módúlachtaí maidir leis an gceart cónaithe a chailleadh

Ní gá go gcaillfí an stádas cónaithe má sháraítear an t-uasfhad neamhláithreachta a cheadaítear. Ní féidir an stádas cónaithe – agus an ceart cónaithe comhfhreagrach sa Stát óstach – a chailleadh ach amháin trí chinneadh foirmiúil aonair ó údaráis an Stáit óstaigh. Ní mór don chinneadh a bheith comhréireach agus coimircí uile an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a urramú, go príomha go bhfuil sé i scríbhinn agus gur féidir achomharc breithiúnach a dhéanamh ina leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gComhaontú um Tharraingt Siar féach Fógra ón gCoimisiún – i dtaca leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach Cuid a dó – Ceart na Saoránach (C/2020/2939, IO C173, 30 Bealtaine 2020, lch. 1) a fhorlíonann an doiciméad seo, gan é a leasú.

Cumhdaítear rialacha maidir le neamhláithreacht i roinn 2.3.2 den Nóta Treorach.